An Fiosraitheoir

Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. I bparagraf 1 aimsigh an frása atá ar comhchiall le **beagnach**.
2. Cad é an frása i bparagraf 2 atá contrártha le **ag feabhsú**?
3. Tá an aidiacht **cumasach** i bparagraf 2. Roghnaigh an leagan ceart de san abairt seo thíos:

   Síleann daoine go raibh Da Vinci ar an ealaíontóir is _____ a bhí ann riamh.

   (a) chumasach (b) cumasaí (c) cumasacha
4. Cad é mar a chuireann tú síos ar abairt mar seo a leanas?

   Tá sí le feiceáil go fóill i ndánlann i Milano san lodáil.

   (a) Is barúil láidir í (b) Is scéal amaideach í (c) Is fíric í
5. Fiosraigh an focal **bua** i bparagraf 2. Cuir in abairt de do chuid féin é.
6. Cuir an phoncaíocht chuí isteach san abairt seo thíos:

   is cinnte go raibh da vinci ar an ealaíontóir is fearr a tháinig as an iodáil le linn an renaissance arsa an cuairteoir ach níl a fhios agam an raibh sé ar an ealaíontóir is fearr ar domhan

Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Déan achoimre ar an téacs seo.
2. Cad é eile ba mhaith leat a fháil amach faoi Leonardo Da Vinci?
3. Cad é a spreag Da Vinci le dul leis an phéinteáil ar an chéad dul síos, do bharúil?
4. Cad é atá aisteach faoi na scríbhinní a d'fhág Da Vinci ina dhiaidh, do bharúil?

Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

19 Leonardo Da Vinci

Foilseachán de chuid CCEA © 2017

Rewarding Learning

Taisce Tuisceana



Leonardo Da Vinci

Leonardo Da Vinci

Nuair a bhíonn daoine ag caint ar na healaíontóirí is cáiliúla agus is fearr a bhí ann riamh, is minic a **luaitear** ainm Leonardo Da Vinci. Rugadh é sa bhliain 1452 i sráidbhaile beag darbh ainm Vinci san lodáil, agus tá sé go fóill i mbéal an phobail chóir a bheith 500 bliain i ndiaidh a bháis. Léiríonn sé sin cé chomh tábhachtach agus atá sé i stair na healaíne. Tháinig sé chun tosaigh mar ealaíontóir iontach tábhachtach le linn tréimhse nua san ealaín ar a dtugtar an *Renaissance*. Spreagadh cuid mhór daoine le spéis a chur san ealaín le linn na tréimhse sin agus tháinig stíl úr chun cinn fosta.

Bhí an-suim ag Da Vinci san ealaín ó bhí sé an-óg. Ní hamháin go raibh **bua** iontach aige san ealaín ach bhí sé **cumasach** sa mhata, san eolaíocht, sa cheol, san innealtóireacht agus in go leor rudaí eile fosta. Níl mórán ar eolas againn faoina shaol nuair a bhí sé óg, ach nuair a bhí sé 14 bliana d'aois, thosaigh sé ag obair i stiúideo an ealaíontóra Verrocchio. Nuair a chonaic Verrocchio cé chomh cumasach agus a bhí Da Vinci, shocraigh sé ar phictiúr a dhéanamh i gcomhpháirt leis. *Battesimo di Cristo* nó *Baisteadh Chríost* an t-ainm atá ar an phictiúr sin. D'fhan Da Vinci sa stiúideo ag Verrocchio ar feadh 7 mbliana agus is ansin a d'fhoghlaim sé cuid mhaith den cheird s'aige. Chaith sé an chuid eile dá shaol ag obair le healaíontóirí clúiteacha eile agus bhí sé cairdiúil leis na daoine mór le rá fosta, an Pápa san áireamh. Phéinteáil sé *An Suipéar Deireanach*, pictiúr an-chlúiteach eile dá chuid, sa bhliain 1498. Is é Suipéar Deireanach Íosa Críost ábhar an phictiúir seo. Tá an pictiúr le feiceáil go fóill i ndánlann i Milano san lodáil agus tagann na mílte duine le hamharc air gach bliain. Faoin bhliain 1518 bhí an pictiúr ag meath cheana féin, áfach. Faoi 1670, bhí drochbhail ar fad air. In 1726, rinneadh é a athchóiriú, rud a chuidigh go mór lena shábháil. Tháinig meath air arís i lár an 20ú haois agus, mar gheall air sin, cuireadh tús le hathchóiriú eile nár críochnaíodh go dtí 1999.

Cúpla bliain i ndiaidh do Da Vinci *An Suipéar Deireanach* a phéinteáil, d'iarr fear saibhir air portráid dá bhean chéile a phéinteáil. An *Mona Lisa* a thugtar ar an phortráid sin agus tá sí ar an phortráid is cáiliúla dá chuid. Cuireann daoine spéis ar leith sa mheangadh bheag gáire atá ar aghaidh Mona Lisa a bhfuil mistéir éigin ag baint léi. Nuair a chuaigh Da Vinci chun na Fraince, bhronn sé an phortráid ar an tír sin agus is sa Louvre i bPáras atá sí anois.

B'ealaíontóir den scoth é Da Vinci agus duine fíorchliste a bhí ann fosta. Ba nós leis rudaí a chruthú. D'fhág sé cuid mhór de na smaointe a bhí aige ina dhiaidh i scríbhinní. Bhí cuid acu fíoraisteach agus an-speisialta ar fad. Mar shampla, tá léaráid de rud éigin a bhí iontach cosúil le héileacaptar ina measc. Níor cruthaíodh an héileacaptar go dtí 1936, ach bhí sé in intinn Da Vinci na céadta bliain roimhe sin! Ba dhuine é a bhí 'i bhfad roimh a am' gan amhras. Fuair Leonardo Da Vinci bás sa bhliain 1519.

Ceisteanna

1. **Cá háit ar rugadh Leonardo Da Vinci?**
   (a) Sa Fhrainc
   (b) San lodáil
   (c) Sa Ghearmáin

2. **Cad é an phortráid is cáiliúla a rinne sé?**
   (a) *An Suipéar Deireanach*
   (b) *An Mona Lisa*
   (c) *Baisteadh Chríost*

3. **Cad é a bhí tábhachtach faoin *Renaissance*?**
   (a) Bhí cead ag daoine a bheith ag péinteáil
   (b) Chuir daoine suim mhór san ealaín
   (c) Cuireadh deireadh leis an ealaín ar fad

4. **Cad é mar atá a fhios againn go raibh obair Da Vincí tábhachtach?**
   (a) Bhí a chuid portráidí iontach deas
   (b) Bíonn daoine ag plé a chuid oibre go fóill
   (c) Bhí sé ina chónaí san lodáil

5. **Cad chuige a ndearnadh athchóiriú ar *An Suipéar Deireanach*?**
   (a) Bhí sé ag dul ó mhaith de réir a chéile
   (b) Thosaigh sé ag éirí níos deise
   (c) Thug sé níos mó cuairteoirí go Milano

6. **Cad chuige a bhfuil spéis ag daoine sa *Mona Lisa*, do bharúil?**
   (a) Tá rud éigin mistéireach fúithi
   (b) Is portráid ón *Renaissance* í
   (c) Tá sí iontach deas

7. **Cad é an fhianaise atá againn gur duine fíorchliste a bhí ann?**
   (a) Phéinteáil sé a lán portráidí
   (b) Bhí sé beo le linn an *Renaissance*
   (c) Scríobh sé cuid mhór faoi ábhair eile fosta

8. **Tá an briathar luaitear i bparagraf 1:**
   (a) san aimsir láithreach.
   (b) san aimsir chaite.
   (c) san aimsir fháistineach.

9. **Cad é atá sa téacs seo?**
   (a) Léirmheas ar leabhar
   (b) Dialann duine
   (c) Eolas faoi shaol duine